

"SPRÍO 1916"

LÉACHT AN OIREACHTAIS 1965

le

EOŠAN Ó TUAIRISC, M.A.

I. REAMHRA

Samhlaigí daoibh féin clagarnach mhór báistí. Tá an oíche ar an saol, Dé hAoine, an 28ú Eanáir, 1916. An bháisteach ag stealladh ón muir isteach ar fhuinneoga Scoil na Naíonán, ag Beann Eadair. Lampa ola ar chochadh ón tsiléail sa seomra ranga istigh, agus claphsholas á thál aige ar naí-phictiúir na mballaí, agus ar an dornán daoine atá cnaptha istigh sna binsí beaga. Tá cathaoirleach ag dasca an mhúinteoir, miníonn sé gnó an chruinnithe — craobh de Chonradh na Gaeilge a bhunú ag Beann Eadair. Cuireann sé fáilte roimh Thimire an Chonartha, agus iarrann ar an Timire roinnt focal a rá.

Tagann an Timire faoi raon an lampa. Baintear geit astu. Cailín óg. Folt fionn gruaige ag lonradh sa chrónachán chucu — "A Chathaoirleach, a chairde, a Ghaela." Glór glinn oilte, tá siad mar a bheidís faoi gheasa ag glaine an ghloir sin — "The first duty of your new craobh is to ensure that the Irish language is spoken here in Beann Eadair as it was spoken two thousand years ago, when the Fianna buried Aedín on this Hill."

Ealaíonn a gcuimhne trí dhorchacht na gloine amach, samhlaítear dóibh Beann Eadair, agus an bháisteach ag síleadh ar chomleac uaigh an Chailín ar mhullach an aird. Agus corraítear cuimhne iontu, cuimhne éigin chian-aosta, atá folaithe i ndorchacht na huaighe is na haighe, faoi chromleac na mblianta, bíogann an cuimhne sin iontu agus iad ag éisteacht le glór an Chailín.

Samhlaigí an chromleac eile, tuama cloiche atá níos airde agus níos leithne agus níos dobhogtha fós, faoi bháisteach na hoíche Eanáir sin amuigh. an chromleac ar a dtugaimid Baile Atha Cliath cois Life. Foraois na similéar, na hacraí leathana slindorchá, mogallra na sráideanna, na gcúl-lánaí, na scabhat, faoi mharbhsholas na lampaí fliucha; na céanna cois abhann, cois canála; na foirgnimh arda trádála, na tithe áirgiúla, na prochóga cónaithe; speireann creidimh agus cúirteanna dlí; scáileanna ar ghloine, cumraíochtaí fear ag ól i gcrónsolas tabhairní, an aghaidh fídlí phéinteálte á léiriú in aisling an mhusichall, na céadta súl faoi shuan in aisling an chineama, an scoláire caillte i suan a théacsleabhair acadúil, lucht polaitíochta ag suanóráidíocht trí chomrac argóinte nach mbeidh deir-eadh léi go deo, an bhean ag bogadh an chliabháin i gcúl-seomra, an tiogar i nGáirdín na nAinmhithe ag bríonglóideach trí shliotáí a shúl, an saighdiúir faoina chlé lachtna ag cuardach caithimh aimsire tríd an smúideán báistí agus bréantas na dtrín-sí cogaidh a chur aige tamall as a chuimhne; agus na trammanna leictreach lódáilte ag síoscadh thar na ráillí atá leagtha síos dóibh tríd an ailtireacht shaolta seo — An Dún, an Town, an Tumulus, an Baile Mór.

Is faoin ualach uile sin a bhí an sprid ag borradh.

II. AN CROSGHEARRADH.

Ag lorg na spride sin dúinn, caithfimid dul isteach sa chathair seo, an mhí seo, Eanáir, 1916, go bhfeicimid mar a bheadh crosghéarradh ar iomadúlacht na cré agus na samhaltas daonna atá carnáilte inti, na glórtha atá ag sonadh.

An chéad lá den mhí, Lá Coille, lasadh na lampaí sráide ag 4.50 p.m. Lasadh na coinnle agus na lampaí ola sna mílte teach, agus léadh cinnteidil an tráthnóna sna nuachtáin: Cath fíochmhar ag Kut. Pléascann na Gearmánaigh Seacht Mianach ag Loos. Buailteann an Galtán Rigi (ó Charlestown go Gothenburg le cácaí ola) i gcoinne Mianaigh, agus Téann go Tóin Poill. Stoirm Mhór ó Cheann Ceann na hEireann. Tuilte sa tSionainn. Tithe Báite, Seirbhís Eigeantach sna Fórsaí Cogaidh — Plean an Rialtais — Ráfla go dTiocfaidh Eire faoin Scéim. Comhaireamh na Saighdiúirí a Thit, Mí Nollag, Reisimintí Eireannacha, 385. Beidh an tArán Níos Daoire, 43d. don Bhullóg Dhá Phunt. Maraíonn Tincéir Máistir Theach na mBocht le Sciaín. Liosta Onóracha na Bliana Nua. Bronnann a Mhórgacht Impiriúil, Seoirse V, céim Mharascáil san Arm Briotanach ar a Mhórgacht Impiriúil Nioclás II, Sár na hUile-Rúise. Bronntar gradam Rí-Chomhairleora ar na Maor-Ghinearál Lovick Bransby Friend, C.B., Ard-Cheannasaí an Airm in Eirinn; rugadh an Ginearál Friend i Kent, thug sé seirbhís ag Omdurman 1898, bhí ina Reachtaire oibreacha Poiblí na hEigipte 1908, agus sa Cheannas Eireannach ó 1912; thaispeáin sé cáilíochtaí faoi leith nuair a cuireadh ceannaire an lucht oibre faoi chois i mBaile Atha Cliath 1913; tá carachtar taitneamhach ag an nGinearál Friend agus an mheas ag muintir na hEireann air as ucht a chúirteise agus a chairdiúlachta. Rásaíocht Capall — Torthaí ó Bhaile Dúill — Rás na Nóibhíseach, Duais Céad Sobhran, Buaithe ag "The Same Agin!"

Diardaoin, an 20ú lá den mhí. Ag Cruinniú den Bhord Calafóirt agus Dugaí, fuarthas scéala ó Mháistir an Chuain faoin damáiste a rinneadh don ghaltán Gréigeach "Nicholas Michalos," ag Cé Sir John Rogerson. Tarraingíonn an gáltán sin 23 through uisce, agus níl ach 19 dtroigh de dhóimhneacht ag an gCé. Dúirt an Bardasach Ailf O Broin nach mbeadh rath go deo ar chalafort Bhaile Atha Cliath nó go mbeadh cóir cheart dreideála ag an mBord, agus go raibh cuid mhór trádála á chailliúint acu de cheal doimhneacht chuí ag na dugaí.

Mhol Uaitéar Mac an Bhaird go ndéanfaidís Ceard-lanna an Bhoird a thairiscint don Rialtas mar ionad déanta Lóin Chogaidh; bhí idir 200 agus 300 fear acu a bheadh in ann tabhairt faoin obair sin, agus ba mhór an chabhair i don Bhreatain sa Chogadh Mór. Chuir Liam Pairtis go binbeach ina choinne; ní raibh d'aidhm ag an Rialtas, dúirt sé, ach an méid

airgid agus is féidir a shú as Eirinn gan pingin rua a chaitheamh ann. Bhí teacht isteach faoi dhó is faoi thrí ag na ceardaithe i Sasana na saolta seo, fad is a bhí oibritheoirí oilte mar é féin ag bogadh thart díomhaoin i mBaile Atha Cliath. Dúirt Ailf O Broin nach raibh déan-tús ar bith de chuid na hEireann ag teastáil ón Rialtas Impiriúil ach a cuid fear.

Agus maidir leis an mBord b'fhearr dóibh gan bacadh le Lón Cogaidh agus cúrsaí troda — dá ndéanfaidís a n-aire a dhíriú ar a ngnóthaí féin ní bheadh gáltán Gréigeach ag scríobhadh a thóna ar ghrinneall na Life d'uireasa dreideála.

Glacadh le moladh Mhic an Bháird.

Dé Caedaoín, 5ú. Cuir-eadh críoch anseo inniu le saothar suimiúil ealaíne. Tamall ó shin thug an tUasal Seán Réamainn, Ceannaire Párlaimintíúil na hEireann ag Westminster, cuairt ar na trín-sí cogaidh; chonaic sé go raibh bratacha Fiúsailéirí Ríoga na Mumhan ina ngíobail dhearóla tar éis an chomh-raic fhada i bhFlándras agus gheall sé bratacha nua dóibh.

Rinneadh na bratacha de phoiplín Eireannach, an Tiogar Ríoga ina sheasamh i lár gach ceann acu, gardant, donn, an t-ainm MUNSTERS faoina chosa, ór, séamróg ar thaobh amháin de agus cláirseach ar an taobh eile, ór, an dearadh go léir déanta ar pháirc de ghlaise na smargaide. Rinneadh an dearadh, an t-éadach, agus an bhróid-inéireacht go léir i mBaile Atha Cliath, agus is suntasach an sampla é de cheardaiocht ealaíonta na hEireann.

Dé hAoine, 7ú. An lá ag pulcadh báistí, an ghaoth aniar. Fógraí Móra ar fhuinneoga na siopaí éadaigh — "Saor-Reic an Gheimhridh." "Ní mór iad seo Go Léir a Ghlanadh Amach." Cótaí Móra Fear, 19/11. Cótaí Móra Ban, 12/11. Cótaí Leathair Ban, don Ghluais-eánaíocht, 7 ngí. Cultacha Bréidín, Fear, 19/6. Cultacha Eton do Bhuachaillí, 18/6. Stocaí Dubha Síoda, 1/6. An Fionnadh Nua, "Sionnachán", don Debutante, 8/11. Léinte Flainnín don fhear oibre 2/9. Bristíní Calf (Ban) le Lineáil Olla, 1/10d. Coirséid, don Líne Cholainne is Nua — AN CUAR MILE-ATA, 10/11. Fógra speisialta ag Siopa McBirney, Cé Astún: "Tá Stór Mór d'Eadaí Fear againn ó tharla a lán dár gcuid custamaeirí imithe Thar Lear."

Dé Máirt, 25ú. Féile Aisling Phóil ar an mBóthar go Jericho. An Cruinniú Bliantúil de Chumann Thráchtáil Bhaile Atha Cliath, in Aras na Tradala, Sraid an Dama. Pádraig O Lionaird sa chathaoir agus 250 ball i láthair. Cúis áthais dúinn, arsa an tUachtarán, go bhfuil bliain shásúil tráchtála caite againn an-sásúil ar fad (bualadh bos), ach amháin gur chuir cuid de na dugadóirí isteach orainn trína stuacántacht le cúpla mí anuas, agus is baoladh go gcaillfidh an lucht trádála lear maith airgid dá dheasca sin. Ghabh-an Oifig Chogaidh agus an Aimiréalacht a mbuíochas leis an gCumann, dúirt sé, as an gcabhair a thugamar dóibh i gcúrsaí Liostála; agus gabhann an tAire Lón Cogaidh a bhuíochas go speisialta linn as an tromualach de lón cogaidh a seoladh chuige ó Bhaile Atha Cliath (Dia leat! Dia leat!). I gcaitheamh na bliana, chuireamar Taispeántas ar siúl de na hearraí atá ag teastáil ón

Rialtas Impiriúil, agus ar an gcuma sin chuireamar líon mór de dhéantóirí Eireannacha ar liosta na gComhlachtaí atá faoi chonradh ag an Oifig Chogaidh (Dia go deo leat!) Tugadh 58 gconradh do Chomhlachtaí Eireannacha chun sliogáin phléascacha, stopalláin, cannaí agus buicéid thrinse, a chur ar fáil. Comhlacht amháin sa chathair, tá siad taréis an dara conradh do 50,000 sliogán a shíniú. Níl insint scéil ar an mole mór trádála atá i ndán dár gComhlachtaí sna conraithe cogaidh seo. Agus beidh tairbhe nach beag don lucht oibre astu chomh maith—is gearr go mbeidh thar 700 lámh ag gabháil don obair, agus is beag nár díoladh £250 san iomlán de thuarastal leo an tseachtain seo caite. (Bualadh bos).

Ní mór dúinn an deis a thapú anois nó ariamh, arsa an Ridire Uilliam Fry. Tá éacht mór trádála ag feith-eamh linn. Ní mór d'Eirinn muscailt as a codladh. (Mór-bhualadh bos).

Ar na baill a bhí i láthair bhí Sir Horace Plunkett, KCVO, David Allen, Joseph Arigho, Samuel Bewley, W. B. Brooke, J. J. Cantwell, Robert Craigie, H. M. Dockrell, William Findlater, Jas. Ganly, Alfred S. Goodbody, Gavin Low, J. Harold Pim, etc., etc.

Dé hAoine 21ú. Bhí rince ar siúl i Halla Aberdeen sa Ghresham, ar son Chiste Chumpord Reisimint Ríoga na Raidhfíle Eireannacha. Slua mór bailithe i Sráid Uí Chonaill ag breathnú ar na coistí agus na gluaisistéir ag teacht, agus an lucht míleata agus an lucht faiseanta ag siúl thar an gcairpéad dearg isteach, ina gclocaí tráthnóna. Bhí gleáradh mór solais istigh ó na coinnleoirí leictreacha, snaidhmeanna de bhlátha ar crocadh eat-arthu agus crann pailme ina sheasamh i ngach cúinne. Cé go raibh éide shoilseach in easnamh ar na hoifigigh agus khaki an chogaidh a chaitheamh acu, ba lonrach geal-daite an radharc é, péarlaí agus diamaint ag glioscarnach, brollaigh bhána ar fhis, tafata ar crithlonradh le deirge an róis, goirme na mara, glaise an earraigh, agus sciortaí fada fialsíoda ag síosarnach isteach is amach trí phatrún ceilteach an rince ar a ngclár sleamhain. Bhí Banna Ceoil na Reisiminte ar an ardán, agus foinn rince atá i méal an phobail á seinm acu — Cunta Luxembourg, The Merry Widow, The Dollar Princess. Thug idir óg agus aosta an taitneamh don váls — táthar ag dul i dtaithí ar an rince seo, ní leanann míchlú morálta de níos mó — agus baineadh spraoi as an rince is nua-aimseartha, an Gaby Glide. Bhí na pasáistí, na forsheomraí, agus seomra an tsuipéir, ag cur thar maoil le scuainí gealgháireacha, agus leanadh den cheol, den rince, agus den chomhrá crofúil go béal maidine.

Dé Máirt 11ú. Fógra. Coláiste Eanna, Ráth Fearnáin. Scoil Chónaithe agus Scoil Lae, do Bhuachaillí Caitlicéacha. Ardmháistir: P. H. Mac Piarais, B.A., Abhcóide le Dlí. Cuirear tús leis na ranganna inniu taréis shaoire na Nollag. Gach eolas le fáil ón Ardmháistir.

Diardaoin 6ú. Féile na hEipeafáine. Bhí dealbha na dTrí Rí ar taispeántas sa Mhainséar Naofa in Eaglaisí na Cathrach, agus bronntanais d'ór, túis, agus mior ina lámha don Leanbh.

Tugadh baintreach os comhair na Cúirte ag Dún Laoire, Bean Uí Bhroin, agus cúisíodh í as ucht feall a dhéanamh ar an Oifig Chogaidh. Dúirt Aturnae na Coróineach go raibh Bean Uí Bhroin ina cónaí ag 15 Sráid Sheoirse, An Charraig Dhubbh, go raibh a haonmhac ag troid sna trín-sí thar lear, agus gur shínigh sí an fhoirm oifigiúil i láthair an Athar O Tuairisc, ag rá go raibh fí sa tseachtain a fháil aici óna mac sula ndeachaigh sé san Arm; go raibh an Oifig Chogaidh tar éis allúntas a íoc léi dá réir sin, ach go bhfuarthas amach ó shin go raibh an ráiteas bréagach. Tháinig Iníon Mhic Anna os comhair na cúite agus mhóidigh sí go raibh sí ina rúnaí ag Comhlacht Mhic Aoidh, an Charraig Dubh, go raibh mac na baintrí fostaithe ag an gComhlacht sular liostáil sé, nach raibh ach 10/- sa tseachtain tuarastail aige agus a dhinnéar gach Domhnach. Ba léir, dá bhrí sin, nach mbeadh ar a chumas fí sa tseachtain a thabhairt dá mháthair. Dúirt an bhaintreach go raibh a mac ina mhaicín maith di gach aon lá riamh, agus gur mhinic a rug sé brontanais bhia agus dí abhaile chuici, agus giotaí éadaí, maraon leis an airgead. Dúirt an tAthair O Tuairisc nár thuig an bhean bhocht an scéal i gceart, nach raibh a ríntinn aici clifléail a dhéanamh ar an Rialtas Impiriúil, agus d'iarr sé ar an nGiúistís gan bheith ródhian uirthi, ó tharla gur chruthaigh an Charraig Dhubbh chomh maith sin i gcúrsaí Liostála, agus sárthroid á cothú ag buachaillí an bhaile sin sna trín-sí thar lear. Dúirt an Giúistís, an tUasal Mac an Iomaire de hÍde, nach mbeadh sé gan trócaire; ghearr sé fineál £5 ar Bhean Uí Bhroin, agus faoiseamh míosa lena hÍoc.

Dé Céadaoin, 5ú. Ag 2.30 p.m., matinée den Gheamaireacht Nollag, Cinderella, san Empire Musichall, Sráid an Dama. Madge Clifton i bpáirt an Phríonsa, Edie Keble i bpáirt Cinderella, agus Scotch Kelly i bpáirt an ghiolla, Billy Buttons. Ligfear isteach scuainí ó scoileanna Bhaile Atha Cliath ar leath-tháille.

An lá céanna, fógra:— Ag Cumann Diospóireachta Parlaimintíúil an A.O.H., ag 31 Cearnóg Pharnell, anocht, 8 p.m., léifear páipéar dar teideal: "Are American Cinema Films Demoralising?"

Dé Céadaoin, 19ú. Ag Amharclann na Mainistreach, oíche shuimiúil drámaíochta faoi phatrúnacht a Shoilse, An Tiarna Wimbome, Fear Ionad an Rí. Lucht liteartha, lucht faisín, agus lucht armcheannais i láthair, agus slua mór d'uaisle na cathrach sa foyer nár éirigh leo dul isteach. Léiríodh dhá dhrama, — Mrs. Fenwick's French Governess, giota greannmhar le C. S. Mulligan, údar áitiúil; agus Chimney Corner, coiméide Chocnaíoch, le H. T. Craven. Aisteoirí amaitéaraigh a ghlac na páirteanna, agus bronnadh an fáltais ar Chiste Chumpord Fiúsailéirí Ríoga na hEireann.

Dé hAoine, 20ú. Fógra:— An bhfuil tú sna hOglaigh? Má tá, cuir do Bhónaí, Léinte, Stocaí, etc. chuig an Níochán Náisiúnta, 60, Sráid Liam Theas.

Dé Luain, 24ú. Tarraingt mhór cabanna anocht ar Halla na Cathrach, ar shuíomh sheanchathair na Lochlannach ar an ardán cois Life; rothaí agus cruíte ag cnagadh thar phábháil an chnoic mar an chnag cruíte agus rothaí na gcínocha mishuaimhneacha a lonnaigh ar an ardán seo le míle bliain; cab ar chab acu, gabhann siad thar bráid, ainm sealadach ar ainm sealadach, scáil ar scáil.

An Radharc istigh. Seomra dronuilleach, fuinneoga arda agus amharc tríothu ar thranglamán na ndíonta agus na gcamsrhaideanna. An tArdMhéara Ó Gallchobhair ina shuí ar a chathaoir gheannta ag ceann an tseomra, réastar den veilbhí os a chionn; ardaíonn binsí na gComhairleoirí os a chomhair amach—tá siad go léir i láthair

(AR LEAN. AR LEAC. 6)